Gafa i bpluais thar oíche

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi thriúr fear a bhí gafa i bpluais de bharr tuile.

Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 (a) Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceanglaígí na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis:

tar i gcabhair	safe
sáinnithe	to aid
ciliméadar	experience
lucht tarrthála	nervous
eachtra	jammed
taithí	kilometre
slán	rescue group
neirbhíseach	incident

Ceist 2 (b) Éist leis an tuairisc don dara huair agus ceanglaígí na heagraíochtaí ar chlé leis na háiteanna cuí ar dheis:

Cumann Tarrthála Uaimhe	(Inis Díomáin)
Gardaí Cósta	(na hÉireann)
Gardaí Síochána	(Dhúlainn)
Briogáid Dóiteáin	(Inis Díomáin)

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach?

Tá an phluais 10 gciliméadar ar fhad. **fíor/bréagach**

Tá an Dúlainn in iarthar an Chláir. **fíor/bréagach**

D'éirigh leis an lucht tarrthála dul isteach sa phluais ar a naoi a chlog ar maidin. **fíor/bréagach**

Ba é an chéad uair go ndeachaigh na fir seo isteach i bpluais riamh. **fíor/bréagach**

Tá na fir ag dreapadóireacht le fiche bliain anuas. **fíor/bréagach**

Ní raibh na fir neirbhíseach ar chor ar bith. **fíor/bréagach**

Ceist 4 Cuir an t-alt leis na focail thíos agus léirigh an bhfuil siad firinscneach nó baininscneach.

maidin: _____
uisce: _____
pluais: _____
obair: _____
cumann: _____
eachtra: _____
fadhb: _____

Ceist 5 *'Neirbhíseach'*

Roghnaigh an tréith cheart ón chiorcal a théann le gach sainmhíniú thíos. Féach an bhfuil na freagraí céanna ag an duine in aice leat.

(a) Ní maith leis an duine seo aon ní a roinnt le duine ar bith eile.
_____

(b) Is duine é seo atá an-mhaith ag caint, is féidir leis óráidí fada galánta a thabhairt.
_____

(c) Ní maith leis an duine seo a bheith ag caint le daoine eile, bíonn sé an-chiúin.
_____

(d) Síleann an duine seo go bhfuil sé níos fearr ná daoine eile.
_____

(e) Duine an-deas an duine seo, is breá le gach duine é agus is breá leisean gach duine eile.

_____

(f) Tógann an duine seo an saol go réidh agus go bog.

_____

(g) Ní bhíonn eagla ar an duine seo aon rud a dhéanamh

_____

(h) Caitheann an duine seo a lán airgid agus a lán ama ar dhaoine eile.

_____

(i) Bíonn an duine seo ag gearán i gcónaí, bíonn sé de shíor ag tabhairt amach faoin saol.

_____

(j) Creideann an duine seo ann féin, is maith leis casadh le daoine agus ní bhíonn eagla air faoi cad a cheapann daoine faoi.

_____



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén caitheamh aimsire atá agat féin?
An gcaitheann tú mórán ama amuigh faoin aer?
Cad a cheapann tú faoin spórt sa mhír – a bheith ag taiscéaladh pluaiseanna?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2 (a)
tar i gcabhair – to aid
sáinnithe - jammed
ciliméadar - kilometre
lucht tarrthála – rescue group
eachtra - incident
taithí - experience
slán - safe
neirbhíseach - nervous

Ceist 2 (b)

Cumann Tarrthála Uaimhe na hÉireann
Gardaí Cósta Dhúlainn
Gardaí Síochána Inis Díomáin
Briogáid Dóiteáin Inis Díomáin

Ceist 3
1 – fíor
2 – fíor
3 – bréagach
4 – bréagach
5 – bréagach
6 – fíor

Ceist 4

maidin:	an mhaidin (bn)
uisce:	an t-uisce (fr)
pluais:	an phluais (bn)
obair:	an obair (bn)
cumann:	an cumann (fr)
eachtra:	an eachtra (bn)
fadhb:	an fhadhb (bn)

Ceist 5
(a) Ní maith leis an duine seo aon ní a roinnt le duine ar bith eile.
Leithleach
(b) Is duine é seo atá an-mhaith ag caint, is féidir leis óráidí fada galánta a thabhairt.
Deisbhéalach
(c) Ní maith leis an duine seo a bheith ag caint le daoine eile, bíonn sé an-chiúin.
Cúthaileach
(d) Síleann an duine seo go bhfuil sé níos fearr ná daoine eile.
Sotalach
(e) Duine an-deas an duine seo, is breá le gach duine é agus is breá leisean gach duine eile.
Lách/cineálta
(f) Tógann an duine seo an saol go réidh agus go bog.
Réchúiseach
(g) Ní bhíonn eagla ar an duine seo aon rud a dhéanamh
Cróga
(h) Caitheann an duine seo a lán airgid agus a lán ama ar dhaoine eile.

Flaithiúil
(i) Bíonn an duine seo ag gearán i gcónaí, bíonn sé de shíor ag tabhairt amach faoin saol.
Cantalach
(j) Creideann an duine seo ann féin, is maith leis casadh le daoine agus ní bhíonn eagla air faoi cad a cheapann daoine faoi.
Féinmhuiníneach

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Thángthas i gcabhair ar maidin ar thriúr a bhí sáinnithe i bpluais i gContae an Chláir aréir. Chuaigh an triúr isteach sa bpluais in aice le Dúlainn ach sáinníodh iad nuair a d'ardaigh an t-uisce sa bpluais. Seo é Ailbhe Ó Monacháin.

Ailbhe Ó Monacháin
Thart fá leath i ndiaidh a trí tráthnóna inné a chuaigh an triúr fear isteach i bpluais atá 10 gciliméadar ar fhad in aice le Dúlainn anseo in iarthar an Chláir. Nuair nár phill siad roimh thitim na hoíche chuir bean chéile dhuine de na fir fios ar na Gardaí. Bhí na fir sáinnithe i bpluais i dtuile uisce i ndiaidh fearthainn throm.

Brian Ó Coitir, Uaimheadóir Tarrtháilte
Nuair a bhíomar ag teacht amach, *em*, bhí an t-uisce* suas go dtí an díon sa bpluais, *so* sin an t-am a bhí a fhios againn go raibh fadhb againn.

Danny Burke, Garda Cósta Dhúlainn
Is é a tharla ná gur imigh duine de ICRO isteach i, do bhí saghas poill eile, bhí sé in ann dul isteach i slí éigin eile agus bhuail sé leo agus i ndiaidh sin bhí siad in ann teacht amach toisc gur íslíodh leibhéal an uisce.

Ailbhe Ó Monacháin
D'éirigh le lucht tarrthála dul isteach sa phluais ar a seacht a chlog ar maidin. Páirteach san obair bhí Cumann Tarrthála Uaimhe na hÉireann, Gardaí Cósta Dhúlainn,** na Gardaí Síochána agus Briogáid Dóiteáin Inis Díomáin. Níor gortaíodh éinne san eachtra seo a d'fhéadfadh a bheith ina thubaiste.

Tá an triúr fear ar tugadh tarrtháil dóibh ag dul isteach agus amach i bpluaiseanna anseo i gcontae an Chláir agus in áiteanna eile ar fud na tíre le níos mó ná fiche bliain anuas agus taithí fhada acu ar an chineál seo caitheamh aimsire. Níor shamhlaigh siad riamh mar sin féin go mbeadh an fhadhb seo acu a bhí acu thar oíche aréir agus maidin inniu. Ainneoin go raibh a fhios acu go raibh lucht tarrthála ar an bhealach ní raibh siad neirbhíseach a deir siad ach mar sin féin bhí siad buíoch beannachta a theacht aníos slán sábháilte as an phluais thart ar mheán lae inniu.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, i nDúlainn, Contae an Chláir.

* *an uisce* a deirtear
** *Dhúlainne* a deirtear